Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2024
(OR. en)

11469/24
COR 2
PV CONS 36
SOC 496
EMPL 302
SAN 390
CONSOM 231

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(**Fostaíocht**, **Beartas Sóisialta**, **Sláinte** agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

20 agus 21 Meitheamh 2024

In 11469/24 INIT, leathanach 12, léitear an ráiteas a ghabhann le mír 17 ar liosta na míreanna 'B' mar a leanas:

**Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'B':** **Conclúidí maidir le todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN**

'Molann an Phortaingéil agus an Spáinn iarrachtaí Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh fís uaillmhianach fhíor-riachtanach a chruthú do thodhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh agus é mar sprioc chomhroinnte léi aire agus cosaint a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa. Tá gníomhaíochtaí comhordaithe ríthábhachtach d'ullmhacht na gcóras sláinte náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sláinte atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Sa chomhthéacs sin, táimid tiomanta iarrachtaí a dhéanamh chun ganntanais cógas leighis agus a dtionchar ar othair a mhaolú. Tacaímid leis an iarraidh chomhpháirteach ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar Ghníomh um Chógais Chriticiúla a mholadh. Mar sin féin, is ar bhealach neamhshriantach a léirmhíníonn an Phortaingéil agus an Spáinn na bearta comhfhreagracha a ndéantar cur síos orthu i mír **74**. Creidimid gur cheart an Gníomh um Chógais Leighis Chriticiúla a bhunú ar mheasúnú tionchair críochnúil ina gcuirtear san áireamh na bearta ábhartha uile, lena n-áirítear ionstraimí tacaíochta ar leibhéal an Aontais, ar féidir leo cabhrú le táirgeadh táirgí íocshláinte criticiúla san Aontas a neartú, agus cothrom iomaíochta á áirithiú i measc na mBallstát ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, féadfaimid rochtain chothrom ar chógais leighis chriticiúla agus ar an tsláinte a chosaint do gach saoránach ar fud na mBallstát uile.'